# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Scaradh Katanga, 1960-1965***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) I ndoiciméad A, conas a léirítear an Beilgeach?

   (b) I ndoiciméad A, cé a bheas thíos leis má ghearrfar an rópa? Tabhair fáth le do fhreagra.

   (c) De réir dhoiciméad B, conas a d'fhreagair an Bheilg don trioblóid sa Chongó?

   (d) De réir dhoiciméad B, cén meon atá ag paratrúipéirí na Beilge i leith Phríomh-Aire an Chongó, Patrice Lumumba? (20)

2. (a) An dtugann an dá dhoiciméad le tuiscint gur áit chontúirteach an Congó? Tabhair fáthanna le do fhreagra bunaithe ar an dá dhoiciméad.

   (b) An bhfaigheann tú fianaise ar chiníochas sa dá dhoiciméad? Tabhair fáthanna le do fhreagra bunaithe ar an dá dhoiciméad.

   (20)

3. (a) De réir an dá dhoiciméad, cé atá freagrach as an ngéarchéim sa Chongó? Tabhair fáthanna le do fhreagra bunaithe ar an dá dhoiciméad.

   (b) Conas a léiríonn an cartún i ndoiciméad A láidreacht agus laige a bhaineann le cartúin pholaitíochta mar fhoinsí fianaise stairiúil?

   (20)

4. Cén fáth gur scar Katanga ón gCongó agus cén fáth gur tháinig rannpháirtíocht idirnáisiúnta dá bharr sin?

   (40)

**- Doiciméad A –**

**Foilsíodh an cartún seo, dar teideal "Saoirse sa Chongó", sa nuachtán Gearmánach *Deutsche Zeitung* ar an 16ú Iúil 1960. Tráchtann sé ar an teannas idir na Beilgigh agus na Congólaigh sa tír nuaneamhspleách, Poblacht Daonlathach an Chongó.**



**- Doiciméad B -**

**Sliocht leasaithe as tuairisc iriseora ón gCongó a foilsíodh sa nuachtiris Mheiriceánach *TIME* ar 25ú Iúil 1960.**

Ghníomhaigh an Bheilg go tapa i bhfreagairt ar shaoránaigh dá cuid a bhí faoi léigear sa Chongó. Cuireadh paratrúipéirí ón mBeilg ann faoi dheifir. Bhíothas ag súil go mbeadh disciplín láidir acu, ní hionann agus an t-iompar mí-ordúil a léirigh na fórsaí ceannairceacha in arm an Chongó, an *Force Publique*. Ba ghearr, áfach, gur imigh na paratrúipéirí ó smacht.

Tar éis dóibh an t-aerfort a ghabháil, réab siad a mbealach isteach go Leopoldville ag tabhairt bualadh d'aon Afracach a chas orthu. Dhí-armáil agus ghabh siad trúpaí Congólacha. Nuair a mhol aire gnóthaí eachtracha an Chongó sos cogaidh – le patróil chomhpháirteacha i mbun póilíneachta i Leopoldville – dhiúltaigh na paratrúpaí go tarcaisneach suí le hais 'na n-ápaí dubha' sna jípeanna míleata. Bhí fonn lámhaigh orthu agus bhí siad sotalach.

Nuair a tháinig Patrice Lumumba ar ais chuig Leopoldville agus nuair a chuaigh sé ar bhus don turas isteach chuig an gcathair, bhain paratrúipéirí croitheadh chomh mór sin as an mbus gur ardaíodh den talamh é. Bhéic duine acu: 'Ba chóir go mbeadh an bastard seo criathraithe le piléir againn.' Chaith paratrúipéir urchar le comhfhreagraí *TIME*, Lee Griggs. Ghabh sé leithscéal leis ina dhiaidh sin mar 'sa dorchadas cheap mé gur Afracach a bhí ionat'.

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus geilleagracha a tharla in Éirinn le linn na tréimhse 1815-1850? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Dónall Ó Conaill mar cheannaire polaitíochta? (100)
3. Cé acu a thug an t-athrú ba mhó chun críche, Fíníneachas nó leasuithe Liobrálacha? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
4. Cad a chuir an Cairdinéal Paul Cullen agus/nó an Mháthair Mary Aikenhead le gnóthaí na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair gluaiseacht an Rialtais Dúchais le linn na tréimhse 1870-1886 ? (100)
2. Cad iad na torthaí sóisialta agus geilleagracha a bhain le forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste agus/nó leis an gComharghluaiseacht? (100)
3. Le linn na tréimhse 1870-1914, cé acu ba rathúla, an chorraíl faoi chúrsaí talún nó an stailc agus an frithdhúnadh 1913? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
4. Conas a spreag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas conspóid: Cumann Lúthchleas Gael; an Ghluaiseacht Vótála; Athbheochan na Litríochta Angla-Éireannaí? (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le gluaiseacht Shinn Féin le linn na tréimhse 1912-1922? (100)
2. Le linn na tréimhse 1922-1939, cé chomh maith agus a d'fhreagair rialtais na hÉireann do na dúshláin gheilleagracha a bhí rompu? (100)
3. Conas a d'fhorbair caidreamh Angla-Éireannach faoi chúram Éamon de Valera, 1932-1945? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn, Thuaidh agus Theas? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin agus na deiseanna ba mhó a bhí roimh imircigh Éireannacha i dTuaisceart Mheiriceá, 1840-1920? (100)
2. Cad iad na príomhthréithe in eisimirce na hÉireann, 1920-1966? (100)
3. Cén ról san Eaglais Chaitliceach a ghlac an Mháthair Mary Martin agus/nó Misean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir, 1945-1966? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag John F. Kennedy ar Éirinn agus ar SAM? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag forbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar Thuaisceart Éireann: oideachas; sláinte; tithíocht? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Brian Faulkner mar cheannaire polaitíochta? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag sceimhlitheoireacht na bPoblachtach agus na nDílseoirí ar Thuaisceart Éireann? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas do Thuaisceart Éireann: cleamhnú creidimh agus féiniúlacht cultúir; Printísigh Dhoire; Seamus Heaney? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. An dóigh leat go bhfuil sé féaráilte 'blianta amú' a thabhairt ar na blianta 1949-1959 i bPoblacht na hÉireann? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (100)
2. Cad iad na príomhathruithe a tharla don gheilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1945-1989? (100)
3. Cé acu ba mhó a chuir le tuilleadh athruithe i bPoblacht na hÉireann, an Dara Comhairle Vatacánach nó RTÉ? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
4. Cad a chuir Charles Haughey agus/nó Garret FitzGerald le gnóthaí na hÉireann? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Metternich ina chuid iarrachtaí srian a chur leis an athrú a bhí ag borradh san Eoraip le linn na tréimhse 1815-1848? (100)
2. Conas a d'éirigh leis an nGearmáin níos mó aontachta agus cumhachta ná an Iodáil a bheith bainte amach aici idir na blianta 1815 agus 1871? (100)
3. Cad iad na héachtaí a rinne Baron Haussmann agus/nó Charles Darwin? (100)
4. Conas a rinne duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas iarracht athrú a thabhairt chun críche: Robert Owen; Karl Marx; Mikhail Bakunin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Ar léirigh Bismarck níos mó inniúlachta i ngnóthaí eachtracha ná i ngnóthaí intíre? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
2. Cé chomh mór agus a chuir coimhlintí coilíneacha le teannas idirnáisiúnta, 1871-1914? (100)
3. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Teannas idir an Eaglais agus an Stát san Iodáil; Frith-Ghiúdachas sa Fhrainc; géarchéim gheilleagrach sa Rúis le linn na Sár? (100)
4. Cén tionchar ar an Eoraip a bhí ag aireagán agus stair luath an ghluaisteáin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na tréithe a bhain le réimis fhaisisteacha san Eoraip sa tréimhse idirchogaidh? (100)
2. Conas a d'éirigh le Stalin an geilleagar Sóivéadach a athrú go hiomlán agus/nó a chumhacht a dhaingniú a bhuíochas ar na seo-thrialacha? (100)
3. Cad iad na dúshláin a bhí roimh an mBreatain le linn cogaidh agus síochána, 1920-1945? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin raidió agus faoin cineama, 1920-1945, ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Charlie Chaplin; Leni Riefenstahl; Bing Crosby? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair an Cogadh Fuar san Eoraip, 1945-1992? (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1992, conas a dhéileáil na rialtais chumannacha leis na dúshláin gheilleagracha a bhí rompu? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Margaret Thatcher i ngnóthaí intíre agus i ngnóthaí eachtracha? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hEorpa: Jean Monnet; Jacques Delors; An Pápa Eoghan Pól II? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla maidir le caidreamh ciníoch i SAM, 1945-1968? (100)
2. Cé acu uachtarán ba mhó a raibh rath air maidir le polasaí gnóthaí eachtracha SAM, Harry Truman nó Lyndon Johnson? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
3. Cén tionchar ar gheilleagar SAM a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo leanas: an chorparáid ilnáisiúnta; an coimpléacs míleata-thionsclaíoch; iomaíocht idirnáisiúnta ón tSeapáin agus ón Eoraip? (100)
4. Cad a chuir creideamh agus/nó na mórmheáin chumarsáide le cultúr nua-aimseartha Mheiriceá? (100)

Leathanach Bán